


# Turas in Eitleán

Bhí na páistí ag dul ar **thuras oideachais** go Baile Átha Cliath. Shocraigh an máistir go rachaidís in eitleán ó **Aerfort na Sionainne** go dtí an chathair. Chuaigh siad go dtí an t-aerfort i mbus.

Nuair a shroich siad an áit chonaic siad na **foirgnimh mhóra** timpeall orthu. Chuir na buachaillí suim i bhfoirgneamh an-ard. Dúirt an máistir gurbh é sin an **riar-thúr.** Isteach leo go léir go dtí an foirgneamh láir. Chuaigh an máistir go dtí an **oifig fiosrúcháin** agus labhair sé le cailín. Nuair a tháinig sé ar ais chuig na páistí dúirt sé go mbeadh orthu fanacht go ceann uair a' chloig. Bhí an t-eitleán ag teacht ó Bhoston agus bhí sé déanach. Chuaigh na páistí go léir in airde ar an **mbalcóin** agus bhí radharc maith acu ar na **rúidbhealaigh.** Chonaic siad **scairdeitleán** ag **teacht chun talaimh. Thuirling** na **paisinéirí** go léir agus chuaigh siad isteach go dtí an **halla custaim.**

Ansin chuir **banóstach** in iúl dóibh go raibh **eitilt** 321 ag teacht isteach ó Bhoston. B'shin an t-eitleán a raibh siad ag fanacht leis. Ba ghearr go raibh siad ag dul suas an dréimire agus isteach san eitleán.

Chuir **aeróstach** fáilte rompu. Mheas na páistí go raibh sé an-chosúil le pictiúrlann istigh san eitleán. Shuigh Liam in aice na fuinneoige agus cheangail sé an crios sábhála. Thug an aeróstach milseán do gach duine agus ansin mhothaigh siad an t-eitleán ag gluaiseacht.

Bhí fothram an-mhór ós na hinnill agus bhí sceon ar na páistí óga. Ach ansin chuala siad an captaen ag caint. Dúirt sé go mbeidís ag dul suas go dtí deich míle troigh. D'iompaigh an t-eitleán in **aghaidh na gaoithe** agus thosaigh sé ag gluaiseacht.

Ghluais sé go mall ar dtús ach ansin go han-tapaidh ar fad. Mhothaigh na páistí an talamh ag titim uathu agus bhí siad ag dul suas, suas, suas.

**B'iontach an radharc a bhí acu** agus iad ag eitilt os cionn na tíre.

## A. Foclóir

**turas oideachais,** educational tour
**foirgnimh,** buildings
**riar-thúr,** control tower
**Oifig Fiosrúcháin,** Enquiries/Information Office
**rúidbhealach,** runway
**scairdeitleán,** jet plane
**aeróstach,** air hostess
**crios sábhála,** safety belt

## B. Scríobh amach an freagra ceart:

1. Cén fáth a raibh ar na páistí fanacht ag an aerfort go ceann uair a' chloig?
   — mar bhí an t-eitleán déanach.
   — mar theastaigh ó na páistí na foirgnimh a fheiceáil.
   — mar ní raibh na páistí ullamh.
2. Nuair a thuirling na paisinéirí den eitleán cad a rinne siad ansin?
   — Chuaigh siad isteach i mbus.
   — Chuaigh siad isteach go dtí an halla custaim.
   — Chuaigh siad suas ar an mbalcóin.
3. Cé chuir fáilte rompu nuair a chuaigh siad isteach san eitleán?
   — an captaen.
   — an máistir.
   — an aeróstach.

## C. Líon isteach na bearnaí sna habairtí seo a leanas:

1. Dúirt an máistir gurbh é sin an - -.
2. Chuaigh an máistir go dtí an - - agus labhair sé leis an gcailín.
3. Chuir - in iúl dóibh go raibh eitilt 321 ag teacht isteach ó Bhoston.
4. Mheas na páistí go raibh sé an-chosúil le - istigh san eitleán.

## D. Cuir na focail seo a leanas in abairtí:

Rúidbhealaigh, turas oideachais, eitilt, aeróstach, crios sábhála, fothram, in aghaidh na gaoithe.

## E. Freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth a raibh na páistí ag an Aerfort?
2. Conas a chuaigh siad ann?
3. Cad a thug an máistir ar an bhfoirgneamh ab airde?
4. Cad a rinne na páistí fad a bhí siad ag fanacht leis an eitleán?
5. Conas a chuaigh siad isteach san eitleán?
6. Cén fáth ar shuigh Liam in aice fuinneoige?
7. Cad chuige an crios sábhála?
8. Cén fáth a raibh sceon ar na páistí?

## Gramadach 23

1. Mhothaigh **siad** an talamh ag titim **uathu.**
   (mise, tusa, ise, eisean, sinne, sibhse, Liam, Nóra.)
2. D'éirigh **leis** an **obair a dhéanamh:**
   mise/foghlaim/na ceachtanna, tusa/ól/deoch leighis,
   sinne/tar/abhaile, iadsan/imir/cluiche peile.
3. Cuir "Dúirt sé" ag tús na n-abairtí seo a leanas:
   m/sh.: Brisfidh sé an doras:
   **Dúirt sé go mbrisfeadh sé an doras.**

1. Glanfaidh sé an clárdubh ag deireadh an cheachta.
2. Íosfaidh sé milseáin i ndiaidh na scoile.
3. Cuirfidh sé air a chuid éadaigh nuair a éireoidh sé amárach.
4. Scríobhfaidh sé litir chuig a uncail anocht.
5. Ní bhrisfidh sé an fhuinneog nuair a bheidh sé ag imirt peile.
6. Ní shuífidh sé in aice na fuinneoige san eitleán.
7. Ní mhothóidh sé an t-eitleán ag gluaiseacht.